Nótaí do shleamhnáin cheardlann 3

## Sleamhnán 1

Cliceáil chun nótaí a chur leis seo.

## Sleamhnán 2

Seo na hintinní foghlama don cheardlann seo

## Sleamhnán 3

Le déanaí shainaithin John Hattie na trí eilimint is tábhachtaí le haghaidh teagasc agus foghlaim éifeachtach:

1. Spriocanna soiléire a chomhroinnt le scoláirí (chun go bhfeicfidh siad cá bhfuil siad ag dul agus cén fáth)
2. Critéir ratha a chomhroinnt (chun go n-aithneoidh siad nuair a bheidh an sprioc foghlama gnóthaithe acu agus go n-aithneoidh siad gnóthachtáil nuair a fheicfidh siad é)
3. Aiseolas foirmitheach mear (chun cabhrú leo bogadh chun tosaigh).

## Sleamhnán 4

Seo cur síos ag Black &Wiliam ar aiseolas foirmitheach.

## Sleamhnán 5

Is é an rud a shainíonn aiseolas foirmitheach go mbíonn tuairimí agus comhairle ann faoi conas feabhsú.

Ós mar sin atá ba chóir na trí eilimint seo bheith san aiseolas foirmitheach

1. Cad é a rinneadh go maith (bainteach leis na gnéithe cáilíochta a comhaontaíodh)?
2. Cad é nár éirigh chomh maith sin leis?
3. Smaoineamh nó dhó faoi conas is féidir feabhsú.

Tabhair do d'aire gurb é an chomhairle seo ar <u>conas</u> feabhsú an rud is tábhachtaí ar fad. Chun bheith fíorfhoirmitheach ní mór don aiseolas bonn eolais a chur faoi <u>na chéad chéimeanna eile</u> sa phróiseas foghlama. Ní mór dó bheith 'inghníomhaithe'. Ní leor a rá 'bí ag obair níos crua'. Ní mór d'eolas

foirmitheach iad a threorú chuig bealaí chun an feabhsú a chur i gcrích agus an sprioc a bhaint amach.

Sleamhnán 6

Anois labhraímis faoin gcúis a bhfuil aiseolas foirmitheach chomh tábhachtach sin.

Caitheann mórán múinteoirí cuid mhór ama ag marcáil obair scoláirí agus seo í an cheist: **An gcabhraíonn marc le scoláire?**

**Léiríonn torthaí taighde NACH gCABHRAÍONN**

Mar shampla, má insítear do scoláire gur ghnóthaigh sé 50% nó 80%, insíonn sé sin an grád dó ach ní insíonn sé don scoláire cad é a rinne sé nó nach ndearna sé go maith agus conas feabhsú an chéad uair eile.

Ina theannta sin, má chuirtear an iomarca béime ar ghráid agus ar mharcanna agus má úsáidtear rómhinic iad b'fhéidir go bhfásfadh cultúr iomaíochta i do sheomra ranga. Léiríonn taighde gurb é an toradh a bhíonn air sin go n-éiríonn an grúpa ardghnóthachtála bogásach agus go gcailleann an grúpa ísealghnóthachtála inspreagadh.

Fuarthas amach in obair Carol Dweck ar inspreagadh scoláirí gur ag díriú ar ghnóthachtáil scoláirí agus ní ar a gcuid foghlama féin a bhíonn an t-aiseolas ina mbíonn réaltaí óir, gráid nó áit-sa-rang. Dá bharr sin, bíonn scoláirí d'aon ghnó ag iarraidh gan dul sa seans agus a ndúshlán féin a thabhairt agus iad ag foghlaim d'fhonn an gradam a bhaint amach agus an 'mise' iontu féin a chosaint.

Sleamhnán 7

Maidir leis na cuir chuige don aiseolas foirmitheach a ndéantar tagairt dóibh agus a ndéantar iniúchadh orthu arís sa leabhrán atá ag dul leis seo, is féidir iad a éascú trí aiseolas a thugtar ó bhéal nó i bhfoirm scríofa.

De ghnáth tugtar aiseolas ó bhéal le linn an cheachta.

Cuireann sé aiseolas ar fáil a fhreagraíonn don scoláire aonair.

Uaireanta ní thugtar a luach ceart d'aiseolas ó bhéal mar nach bhfuil sé chomh foirmiúil céanna ach féadann sé bheith an-chumhachtach agus an-éifeachtach mar uirlis.

Ina theannta sin tá sé idirghníomhach agus tugann sé deis do scoláirí freagairt agus bheith páirteach.

Sleamhnán 8

Is é an t-aiseolas scríofa an dara saghas aiseolais. Go hiondúil tugtar sin nuair a chríochnaítear tasc nó píosa obair bhaile.

De ghnáth, is mar mharc nó grád a bhíonn an t-aiseolas seo gan tuairim ar bith a bheith leis nó is marc **nó** grád a bhíonn ann agus tuairim leis **nó** ní bhíonn ann ach tuairim.

Sa chéad dá shleamhnán eile déantar iniúchadh ar an taighde faoin tionchar a bhíonn ar an mbealach a fhreagraíonn scoláirí d'aischothú.

Sleamhnán 9

Léiríonn an tábla seo gur fíor gurb é an t-aiseolas scríofa atá i bhfoirm tuairimí amháin an modh is éifeachtaí chun foghlaim a fheabhsú. Tá sin amhlaidh mar go mbíonn claonadh ag scoláirí neamhaird a dhéanamh de thuairimí má tá marcanna leo. I bhfírinne, cad é an chéad rud a mbreathnaíonn scoláirí air nuair a fhaigheann siad marcanna agus tuairimí leo? Breathnaíonn siad ar a marc.

Agus cad é an dara rud  a dhéanann siad? Cuireann siad i gcomparáid é le marc a gcara!

Is as dhá staidéar Iosraelacha a luann Black agus Wiliam na torthaí a fheiceann tú ar an sleamhnán. Ba thoradh an-tábhachtach é sin i dtaighde King's College agus tacaíonn torthaí ó thíortha éagsúla leis sin.

Cad iad na himpleachtaí atá aige sin dár gcleachtas féin mar sin?

An gciallaíonn sé gur chóir dúinn deireadh a chur le marcanna agus tuairimí mionsonraithe a scríobh ar gach píosa d'obair scoláirí?  Ní chiallaíonn.

Ní gá marcáil nach bhfuil ann ach tuairimí a úsáid do gach píosa oibre, ach is straitéis atá ann is cóir a fhí isteach sa mheasúnú go rialta. Agus cé go mb'fhéidir go mbeadh imní ar scoláirí i dtús báire nach bhfaighidh siad marc i gcónaí, is féidir leat a n-imní  a mhaolú trí chur in iúl dóibh go bhfuil tú ag coinneáil taifid dá gcuid marcanna agus tuairimí agus is féidir é sin a chur in iúl dóibh féin agus dá dtuismitheoirí ag amanna atá socraithe. Gheobhaidh scoláirí marcanna/gráid shuimitheacha ó am go chéile, ach b'fhéidir gur fiú a fhiafraí an amhlaidh a bhíomar féin agus ár gcuid scoláirí ag brath an iomarca ar mharcanna go dtí seo?

Sleamhnán 10

4 rud ba chóir a sheachaint agus muid ag tabhairt aiseolais

**An iomarca a thabhairt** – ní bhíonn de thoradh air sin ach go mothaíonn an scoláire cloíte. Cé gurb iomaí rud, b'fhéidir, ar mhaith leat do bharúil a thabhairt air, déan iarracht cloí le dhá rud a rinne an scoláire go maith agus rud amháin ba mhaith leat é a fheabhsú.

**Gan go leor** – ticeanna, réaltaí óir, agus tuairimí mar 'maith' 'an-mhaith' nó 'thar barr', b'fhéidir go dtabharfadh siad sin spreagadh don 'mise' sa scoláire, ach ní thabharfadh siad eolas ar cad é go díreach a rinne an scoláire go maith nó conas a éireoidh níos fearr leis an chéad uair eile.

**Ródhoiléir** –mar 'bí cúramach le do phoncaíocht ', - ní chabhraíonn sé sin, nó le fírinne b'fhéidir nach mbeadh a fhios ag an scoláire cad é go díreach ba chóir dó a lorg. Mar sin, b'fhearr aiseolas mar seo 'Bí cinnte nach n-úsáideann tú ceannlitreacha ach ag tús gach abairte nua agus nuair a úsáideann tú ainmfhocail dhílse.

Sa deireadh, má bhíonn an t-aiseolas **déanach** – is é sin, má tharlaíonn sé i ndiaidh don fhoghlaimeoir bogadh ar aghaidh go dtí an chéad rud eile, ní bheidh deis ag an bhfoghlaimeoir an t-aiseolas a ghlacadh agus a úsáid chun feabhsú. B'fhearr go dtarlódh aiseolas foirmitheach le linn foghlama.

Sleamhnán 11

Tá am agus cleachtadh de dhíth ar scoláirí d'fhonn bheith in ann aiseolas maith a thabhairt dá chéile.

Sleamhnán 12

Cé acu an múinteoir nó an scoláire atá ag tabhairt an aiseolais, seo cuid de thréithe an dea-aiseolais.

Sleamhnán 13

Sin deireadh an chuir i láthair.  Seo roinnt smaointe is féidir a thabhairt leat.

Sleamhnán 14

Anois tá tú réidh le bogadh isteach sna hábhair cheardlainne ag úsáid leabhrán 03. Cabhróidh an cheardlann le tuilleadh plé agus tabharfaidh sé smaointe praiticiúla ar an mbealach le haiseolas níos fearr a thabhairt do do chuid scoláirí.